




Scoil Chualann - Cód Iompair

Cód Iompair – Bealtaine 2012

(Code of Discipline - May 2012)



Ráiteas Scoile

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile
- Is mian linn atmaisféar sona spreagúil sábháilte cineálta a chothú do chách
- Déanaimid ceiliúradh ar bhuanna a chéile agus tógaimid ar na buanna sin



SCOIL CHUALANN

Cúlra:

Bunaíodh Scoil Chualann sa bhliain 1977 chun feastal a dhéanamh...

- a) ar pháistí arbh í an Ghaeilge an teanga teaghlaigh acu.
- b) ar pháistí a raibh roinnt Ghaeilge acu óna dtuismitheoirí, ó naíonra nó ó fhoirse éigean eile.
- c) ar pháistí ar mhian lena dtuismitheoirí go bhfaighidís a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge.

Fealsúnacht Scoile:

- Is scoil lán Ghaeilge í Scoil Chualann.
- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile idir mhúinteoirí, pháistí agus thuismitheoirí.
- Is Scoil Náisiúnta í an scoil le hethos Chaitliceach agus is é Ard Easpag Chaitliceach Bhaile Atha Cliath patrún na scoile.
- Cuirtear fáilte sa scoil roimh pháistí nach Caitlicigh iad.
- Cothaitear meas tríd an scoil ar chreideamh, ar thraidisiún, ar chultúr agus ar theanga gach páiste.

Aidhmeanna na Scoile:

- Forbairt iomlán an pháiste.
- Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fail do pháistí agus a chur ar a gcumas a bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge.
- Dúil sa Ghaeilge agus sa tsaocht ghaelach a chothú i measc na bpáistí agus na dtuismitheoirí trí thimpeallacht iomlán gaelach a chothú.

Comhoibriú:

Is mian leis an mBainistíocht atmaisféar sona spreagúil sábháilte a chothú sa scoil ar mhaithe leis na páistí.

Tá fáilte roimh thuairmí tuismitheoirí chun an dea atmaisféar seo a chinntiú.

Tá fáilte i gcónaí roimh thuismitheoirí teacht agus coinne a dhéanamh leis an múinteoir chun `dul chun cinn`a bpáiste a phlé.

Agus iad ag roghnú na scoile, glacann na tuismitheoirí orthu féin an tacaíocht atá riachtanach a thabhairt dá bpáistí, do na múinteoirí agus don Bhainistíocht.



Scoil Chualann - Cód Iompair

Chun an dea thoil agus an tacaíocht seo a chothú agus chun nach gclisfear ar aidhmeanna bunúsacha na scoile, díritear aire ar na pointí seo leanas:

- **Is gá go ndéanfadh tuismitheoirí an Ghaeilge a úsáid sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile.**
- **Tá sé éigeantach go ndéanfadh na páistí an Ghaeilge a úsáid i gcónaí, sa scoil, i gclós na scoile, ag imeachtaí agus ag ócáidí scoile.**
- **Is gá do na páistí a bheith ar scoil in am gach lá, iad gléasta go cuí agus ullamh don scoil.**
- **Níl cead ag páiste an scoil ná timpeallacht na scoile a fhágáil gan cead.**

Más mian le tuismitheoir go bhfágfadh a pháiste an scoil roimh an gnáth am dúnta (13.20, 14.20) is gá é sin a chur in iúl don phríomhoide i scríbhinn roimhré.

Cód Disiplín **Na Caighdeáin**

Is féidir dea-iompar a fhoghlaim.

- **Is í aidhm bhunúsach an chóid seo ná go mbeadh paistí freagrach as a n-iompar féin.**

I Scoil Chualann déantar féinmheas agus féinmhuinín an pháiste a fhorbairt agus a neartú.

Tá seans níos fearr go mbainfidh mic léinn tairbhe as a gcuid oideachais agus go mbeidh siad sona i dtimpeallacht struchtúrtha chomhbhách áit a n-éilítear caighdeáin arda iompair agus áit a gclóitear leo.

- Iarrtar mar sin ar gach ball de phobal na scoile iad féin a iompar ar bhealach a léiríonn meas orthu féin agus ar dhaoine eile.
- Tá sé riachtanach go mbeadh meas againn ar dhaoine eile agus ar gach a mbaineann leo.
- Tá sé riachtanach go mbeimid in ann muid féin a iompar mar is cóir, pé áit ina mbíimid.
- Is gá dúinn comhoibriú le chéile, agus aire a thabhairt dá chéile.
- Is gá dúinn máithiúnas a thabhairt dá chéile tar éis dúinn deacrachtaí agus coimhlintí a réiteach.

Is gá do na páistí aire a thabhairt do thoscán, do leabhair agus do fhearas scoile a fhad 's atá siad ina seilbh.



Níl sé inghlactha go mbainfeadh leanbh le maoin scoile, le maoin múinteora, nó le maoin pháiste ar bith eile.

- ***Má tharlaíonn go mbaineann, déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí láithreach***

Is iad na múinteoirí atá “in loco parentis” le linn uaireanta scoile agus mar sin ba chóir aon cheartúchán ar pháistí a fhágáil fúthu.

Ní bheidh glacadh le diúltú d’údaras múinteora ó aon pháiste.

- ***Má tharlaíonn eachtra tromchúiseach, déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí láithreach.***

Má tharlaíonn to dtugann leanbh ábhair mí-oiriúnacha ar scoil nó má fhaightear ina sheilbh iad deanfaidh an Bord Bainistíochta plé leis na tuismitheoirí láithreach.

Mínítear agus múintear an cód seo do na páistí faoi na cinnteidil thíos agus déantar é a mheabhrú dóibh go tráthrialta. Féachann sé seo chuige go mbeidh na páistí freagrach as a niompar féin agus go dtuigeann siad gur féidir dea-iompar a fhoghlaim agus droch-iompar a sheachaint.

Is páiste freagrach mé:

- Labhram Gaeilge
- Tagaim ar scoil in am.
- Bím gléasta go cuí.
- Bím ullamh don scoil.

Is páiste béasach mé:

- Éistim agus tugaim aire.
- Déanaim cúram do mo chuid féin agus do chuid na scoile.
- Gabhaim buíochas nó leithscéal nuair is cóir.

Is páiste cineálta mé:

- Bím lách tuisceanach le daoine eile.
- Tuigim go bhfuil sé de cheart ag gach duine mothú slán sábháilte sa scoil.
- Ní dhéanaim tromaíocht.
- Ní thacaím le tromaíocht.



Dea-iompar a chothú

Mínítear agus múintear do na páistí gur féidir dea-iompar a fhoghlaim agus droch-iompar a sheachaint.

Tabharfar aitheantas cuí ar bhonn ranga don iarracht aonar, do ghrúpaí agus don rang féin. Molfar an leanbh a dhéanann a dhícheall.

Tá córas i bhfeidhm sna ranganna chun dea-iompar a chinntiú.

Rialacha an tseomra ranga

- Ag tús na scoilbhliana míneofar agus múintear na rialacha do na páistí sna ranganna N1 - R2.
- Cuirfidh na páistí i ranganna 3-6 a gcuid rialacha le chéile bunaithe ar an gcód seo. Déanfar é seo mar chuid den OSPS.
- Caithfear an riail "Iosfaidh mé mo lón sa rang agus ní roinnfidh mé le héinne" a bheith mar riail ar mhaithe le sábháilteacht.

Múinfear na rialacha don chlós sa rang agus ag an tionóil.

Rialacha clóis

- Labhairim Gaeilge
- Faighim cead dul ag an leithreas
- Ní fhágaim an clós gan cead
- Ní bhím ag dreapadh ar na geataí.

Smachtbhannaí

I gcás easumhlaíochta sa seomra ranga bainfear úsáid as na smachtbhannaí seo a leanas:

Tabharfar foláireamh (iomardú ó bhéal) don pháiste

Ansin is féidir leis an oide

- an páiste a chur go grúpa eile sa rang,
- an páiste a chur chun cainte leis an bpríomhoide san oifig.
- An páiste a choinneáil istigh do chuid d'am lóin agus tasc fóinteach a thabhairt dóibh le déanamh.
- Pribhléid a chailliúnt
- Breis obair bhaile (obair bhaile ag an deireadh seachtaine)

An Cód féin

Sa chás go dtarlaíonn eachtra taobh amuigh den rang cuirfear an múinteoir ranga ar an eolas.

1. Má tharlaíonn go mbíonn leanbh de shíor;
...ag labhairt Béarla d'aonghnó
...ciantach i mí-iompar ar scoil
...ciantach i dtromaíocht ar scoil
...Cuirfear an fhadhb i láthair an phríomhoide.



Scoil Chualann - Cód Iompair

2. Muna réitíonn thuas an scéal, iarrfar ar na tuismitheoirí coinne a dhéanamh leis an bpríomhoide agus an múinteoir ranga. Cuirfear plean scoile/baile i bhfeidhm agus déanfar athbhreithniú rialta ar an bplean seo.
3. Má leanann an droch iompar, tiocfaidh an príomhoide ar shocrú leis an múinteoir ranga an leanbh a thógáil as an rang ar feadh tréimhse áirithe ama. Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas faoi seo.
4. Má leanann an fhadhb cuirfear an cás i láthair na Bainistíochta.

Fionraithe agus Díbirtí:

Tá údaras ag Bord Bainistíochta Scoil Chualann mac léinn a chur ar fionraí. Déanfar gach iarracht tabhairt faoi idirghabháil roimh fhionraí. Ní chuirtear páiste ar fionraí ach amháin i gcás tromchúiseach.

Mar Shampla sa chás:

- Go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas nó iompar na mac léinn eile
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht sa scoil i láthair na huaire.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach ago mhaoin.
- Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí.

Nósanna imeachta maidir le fionraí agus díbirt

Tagann na nósanna imeachta seo leis na treoirínte sa cháipéis "Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirínte i gcomhair scoileanna" atá foilsithe ag an mBord Naisiúnta Leasa Oideachais.

Éilíonn an dlí ar scoileanna nósanna imeachta cearta a leanúint i dtaca le moltaí chun mac léinn chur ar fionraí nó a dhíbirt.

Tá dhá phríomhchuid i ngnáthaimh chóra: an ceart go n-éistfí leat agus an ceart go mbeifí neamhchlaonta ido leith.

Caithfear forais thromchúiseacha a bheith ann chun mac léinn a chur ar fionraí mar shampla sa chás :

- Go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn sa scoil i láthair na huaire
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin

Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí.

Cuirfear na gnéithe seo san áireamh sula gcuirtear mac léinn ar fionraí:

1. Cinéal agus tromchúis an iompair
2. Comhthéasc an iompair
3. Tionchar an iompair
4. Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
5. An freagra comhréireach é mac léinn a chur ar fionraí
6. Tionchar féideartha na fionraí



Nósanna imeachta i ndáil le fionraí

Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fírí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr rachaidh an príomhoide agus Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta i gcomhairle i dteannta a chéile.

Sa chás nach bhfuil an Cathaoirleach ar fáil rachaidh an Príomhoide i gcomhairle le ball eile den Bhord.

Cuirfear an mac léinn agus na tuismitheoir/caomhnóirí ar an eolas, ar an teileafón nó i scríbhinn ag brath ar thromchúis an iompair, maidir leis an ngearán. Tabharfar eolas dóibh ar an gcaoi go ndéanfar an gearán a fhiosrú agus míneofar dóibh go bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr.

Tabharfar deis do na tuismitheoirí/caomhnóirí freagra a thabhairt sula nglactar cinneadh nó sula ngearrtar smachtbhanna.

Sa chás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir mac léinn a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an mhic léinn, na foirne nó daoine eile cuirfear fios ar na tuismitheoirí/caomhnóirí agus iarrfar orthu an páiste a thabhairt abhaile.

Ní cuirfear páiste ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná trí lá de dhíth chun cuspóir áirithe a bhaint amach.

Má bhíonn tréimhse níos faide ná trí lá á mheas caithfear an t-ábhar a athreorú chuig an mBord Bainistíochta.

Beidh teorainn deich lá le tréimhse amháin fionraí ar bith.

Achomhairc

Is féidir leis na tuismitheoirí cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998 agus tabharfar eolas dóibh ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

An Fhionraí a chur i ngníomh

Tabharfaidh an Príomhoide fógra i scríbhinn do na tuismitheoirí agus don mac léinn maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí.

Dearbhóidh an litir na nithe seo a leanas:

1. Tréimhse na fionraí agus dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí
2. Fáthanna na fionraí
3. Clár oibre le leanúint
4. Socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt
5. Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta
6. Ceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (an tAcht Oideachais 1998 alt 29)

Cuirfear deireadh le fionraí má chinneann an Bord Bainistíochta an fhionraí a bhaint ar aon chúis nó má threoraíonn Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don scoil an fhionraí a bhaint faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998.

Beidh plean ag an scoil chun cuidiú leis an mac léinn ath-imeascadh ina rang. Tabharfar gach deis dóibh tosú as an nua.



Athbhreithniú ar úsáid fionraí

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar úsáid fionraí sa scoil ar bhonn rialto chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile agus chun a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

Díbirt

Tá údarás ag Bord Bainistíochta Scoil Chualann mac léinn a dhíbirt ón scoil. Beidh díbirt ina fhreagra comhréireach ar iompar an mhic léinn.

Ní dhéanfar mac léinn a dhíbirt ón scoil go dtí go mbíonn bearta suntasacha curtha i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mí-iompar lena n-áirítear:

Bualadh le tuismitheoirí agus leis an mac léinn le hiarracht a dhéanamh bealaí a aimsiú le mí-iompar do-ghlactha an mhic léinn a athrú

A chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompair, dá leanfadh sé ar aghaidh

A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha a chíoradh

Cuidiú dul i dteagbháil leis na gníomhaireachtaí tacaíochta (an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Séirbhíse Sláinte, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta).

Caithfear forais thromchúiseacha a bheith ann chun mac léinn a dhíbirt ón scoil mar shampla sa chás:

- Go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- Go bhfuil fóirbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú an-sonrach ar raon tosca nuair atá cinneadh á ghlacadh acu mac léinn a dhíbirt:

1. Cineál agus tromchúis an iompair.
2. Comhthéasc an iompair.
3. Tionchar an iompair.
4. Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo.
5. An freagra comhréireach an díbirt.
6. An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag díbirt

Nósanna imeachta i ndáil le díbeart.

Céim 1. Imscrúdú sonrach, de réir gnáthamh cóir, faoi stiúr an Phríomhoide.

Cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i scríbhinn faoin mí-iompar líomhnaithe, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh air sin. Tabharfar gach deis do na tuismitheoirí/caomhnóirí freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann sula nglacfaí cinneadh smachtbhanna a ghearradh.

Céim 2. Moladh ón bPríomhoide chuig an Bord Bainistíochta



Céim 3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reachtáil

Céim 4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta

Céim 5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais

Céim 6. Dearbhú ar an gcinneadh an mac léinn a dhíbirt

Má chinneann Bord Bainistíochta Scoil Chualann mac léinn a dhíbirt leanfar na nósanna imeachta thuas atá ar aon dul le "Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirínte i gcomhair Scoileanna" atá foilsithe ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais

Achomhairc

Is féidir leis na tuismitheoirí/caomhnóirí cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998 agus tabharfar eolas dóibh ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Athbhreithniú ar úsáid díbeartha

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar úsáid díbeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile agus chun a chinntiú go núsáidtear díbirt go hiomchuí.

Polasaí Friththromaíochta

I Scoil Chualann is mian linn atmaisféar, sona, spreagúil, cineálta a chothú do gach duine ionas go mbeimid in ann ceiliúradh a dhéanamh ar bhuanna a chéile agus tógáil ar na buanna seo.

Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo

- eolas a thabhairt do phobal uilig na scoile i.e. bainistíocht, muinteoirí, cúntóirí, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí faoin tromaíocht ionas go dtuigfear nach nglacfar leí riamh.
- Treoirínte a chur ar fáil do phobal uilig na scoile
- Dea-iompar a chothú sa scoil
- Modh oibre a fhorbairt chun déileáil le h-eachtraí tromaíochta

I Scoil Chualann déantar féinmheas agus féinmhuinín an pháiste a fhorbairt agus a neartú.

Tá sé riachtanach go mbeadh meas acu ar dhaoine eile agus ar gach a mbaineann leo.

Tá sé riachtanach go mbeadh said in-ann iad féin a iompar mar is coir, pé áit ina mbíonn siad.

Tromaíocht

Is éard atá i gceist le tromaíocht ná ionsaí bagrach, bíodh sé ina ionsaí siceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa ar dhuine nó ar dhaoine eile arís agus arís eile.



Scoil Chualann - Cód Iompair

Uaireanta tarlaíonn eachtraí agus cé gur ceart agus gur gá déileáil leo ní fhéadfaí tromaíocht a thabhairt orthu.

Tromaíocht atá ann nuair a dhéantar ionsaí de réir eagair agus go leanúnach.

Tá foirmeacha éagsúla tromaíochta ann

Tromaíocht fhisiciúil: brú, ciceáil, bualadh, tarraingt; sá le peannluaidhe; cor coise; cur isteach ar spás pháiste eile (cur i gcás cathaoir a luascadh siar chun cur isteach ar dhuine eile).

Tromaíocht ó bhéal: ag glacoh ainmneacha, ag spochadh as daoine, maslú, náiriú, ciníochas agus idirdhealú (leanaí a chaitheann speaclaí, páistí troma) cúlra pháiste a cháineadh; áit chónaithe a mhaslú;

Tromaíocht siceolaíoch: bagairt, ráflaí a scaipeadh, duine a fhágáil ar lár, cairde ar liosta, neamhshuim a dhéanamh de dhuine in aonturas, geatsí gáirsiúla, gríosaitheacha, scanrúla.

Tromaíocht ar an idirlíon/ar an bhfón/téacsanna/pictiúir ghránna á seoladh.

Tá sé tábhachtach go n-aithnítear nuair atá tromaíocht ar siúl. Uaireanta bíonn comharthaí ann a léiríonn go bhféadfadh tromaíocht a bheith ar siúl.

- Míshonas
- páiste ag conlú chuige féin
- drochthinreamh
- páiste ag éagaoine go bhfuil siad tinn
- caighdeán acadúil ag titim
- inní ar pháiste ag dul sa chlós
- comharthaí fisicúla páiste atá gortaithe
- páiste ag éirí tanaí nó ramhar de bharr tromaíochta

Polasaí Friththromaíochta agus Cód Disiplín

I Scoil Chualann déantar féinmheas agus féinmhuinín an pháiste a fhorbairt agus a neartú.

Mínítear an cód disciplín do gach rang ag tús na scoilbhliana agus deantar é a mheabhrú do na páistí go tráthrialta.

Cuidíonn sé seo le tromaíocht a sheachaint.

Caitear am ag cur ina luí ar na páistí gur gá dóibh comhoibriú le chéile agus aire a thabhairt dá chéile.

Mínítear seo do na páistí faoi na cinnteidil seo a leanas.



Is páiste béasach mé:

- Éistim agus tugaim aire.
- Déanaim cúram do mo chuid fein agus do chuid na scoile.
- Gabhaim buíochas nó leithscéal nuair is cóir.

Is páiste cineálta mé:

- Bím lách tuisceanach le daoine eile.
- Tuigim go bhfuil sé de cheart ag gach duine mothú slán sábháilte sa scoil.
- Ní dhéanaim tromaíocht.
- Ní thacaím le tromaíocht.

Cur i bhfeidhm an chóid

Beidh an cód disiplin ar taispeáint sna seomraí ranga agus sa halla. Díreofar ar ghnéithe den chód seo ó am go ham trí mheán na namharcealaíona, na dramaíochta agus tríd an bhfáinne feasa.

Múinfeadh na ceachtanna a bhaineann le tromaíocht sa chlár "Misneach", beidh tromaíocht á plé mar chuid den chlár OSPS agus den chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta chomh maith.

Déanfaidh na múinteoirí gach iarracht aird na bpáistí a dhíriú ar chontúirt na tromaíochta agus iad á chómhthathú le hábhair eile an churaclaim.

Déanfar clárú ar eachtraí tromaíochta i leabhar clóis-leabhar bliantúil a bheidh i gceist anseo.

Déanfar eachtraí tromaíochta sa rang a chlárú sa leabhar seo freisin.

Caithfear roinnt ama ag plé eachtraí atá cláraithe ag cruinnithe foirne.

Tabharfaidh gach múinteoir a rang féin ón halla/ón gclós go dtí an seomra ranga ar maidin, ag am sosa agus ag am lóin.

Má tharlaíonn go ndéantar tromaíocht ar pháiste/pháistí:

- Tabharfar deis don pháiste labhairt le duine éigin go príobháideach faoin eachtra(nó faoi na heachtraí).
- Caithfear an páiste a chur ar a shuaimhneas.
- Caithfear éisteacht leis an bpáiste.
- Caithfear an t-eachtra a phlé leis an múinteoir ranga.
- Coinneofar nótaí faoin eachtra/eachtraí i leabhar eachtraí bliantúil.
- Tabharfar deis cainte do pháistí eile a bhí i láthair nuair a tharla an t-eachtra.
- Más tromaíocht atá i gceist cuirfear in iúl do na tuismitheoirí é agus míneofar dóibh go bhfuil an scoil ag déileáil leis an bhfadhb. Iarrfar orthu freisin an scéal a phlé leis an bpáiste sa bhaile.
- Caithfear a chinntiú go bhfuil tuiscint ag an bpáiste ar an méid atá á rá ag an múinteoir leis/léi - go airithe paistí i ranganna Naíonáin.



Má tharlaíonn go bhfuil tromaíocht ag tarlú ar scoil

- Caithfear labhairt leis an bpáiste/leis na páistí atá ag déanamh na trioblóide agus tagairt a dhéanamh don chód smachta.
- Caithfidh an páiste labhairt leis an príomhoide agus le múinteoir eile (an múinteoir clóis nó an múinteoir ranga).
- Cuirfear fios ar na tuismitheoirí más gá.
- Mas eachtra tromchúiseach atá i gceist cuirfear fios ar na tuismitheoirí láithreach.

Déanfar gach iarracht tacú leis an bpáiste ar a ndearnadh tromaíocht agus caithfear cabhrú leis an bpaiste atá ag tromaíocht chomh maith.

Sa chás go bhfuil tromaíocht i gceist maidir le ball den fhoireann scoile leanfar moltaí Chumann Mhúinteoirí Éireann.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go tráthrialta. Pléifear an polasaí ag cruinnithe múinteoirí, ag cruinnithe de choiste na dtuismitheoirí agus ag cruinnithe den Bhord Bainistíochta.

Tá beartaithe an leagan leasaithe seo den Pholasaí friththromaíochta a chur i bhfeidhm láithreach.

Oiliúint

Tabharfar deis don fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúna chun cabhrú leo déileáil leis na páistí go háirithe iad seo a mbíonn deacrachtaí ar leith acu.

Páistí le riachtanais speisialta

Míneofar an cód do pháistí go bhfuil riachtanais speisialta sa acu trí úsáid a bhaint as scéalta sóisialta sna ranganna tacaíocht foghlama agus acmhainne.

Déanfaidh an Bord Bainistíochata athbhreithniú ar an bpolasaí friththromaíochta ar bhonn rialta.